Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11820/1/26**
**REV 1**

**PUBLIC 56**
**INF 215**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | ACHOIMRE MHÍOSÚIL AR GHNÍOMHARTHA NA COMHAIRLE – Bealtaine 2026 |

Sa doiciméad seo liostaítear na gníomhartha a ghlac an Chomhairle trí nós imeachta i scríbhinn i mí na Bealtaine 2026.[1]

Ionas gur furasta tagairt dóibh, luaitear freisin na 'gearrtheidil', mar a luaitear iad i gcláir oibre na Comhairle (an cló iodálach).

Tá faisnéis ann maidir le glacadh gníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha, lena n-áirítear:

- dáta an ghlactha trí nós imeachta i scríbhinn,[2]
- an uimhir a bhí ar an doiciméad a glacadh,
- an tagairt san Iris Oifigiúil.

Tá faisnéis faoi ghníomhartha eile arna nglacadh ag an gComhairle le fáil ar leathanach gréasáin tiomnaithe na Comhairle, faoin roinn 'Cruinnithe'[3]. Tá an doiciméad seo ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Comhairle freisin ag: Achoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle – Consilium

[1] Ó mhí Eanáir 2026, is í an fhaisnéis faoi ghníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha arna glacadh trí nós imeachta i scríbhinn, agus an fhaisnéis sin amháin, a áireofar sna hachoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle. I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 12(1) de rialacha nós imeachta na Comhairle 'Déanfaidh an Ardrúnaíocht achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn a tharraingt suas gach mí. Aon ráiteas a bheidh le cur i miontuairiscí na Comhairle, beidh sé san achoimre sin. Cuirfear na ranna den achoimre a bhaineann le gníomhartha reachtacha a ghlacadh ar fáil don phobail.'

[2] I gcás gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach, d'fhéadfadh difríocht a bheith idir an dáta a ghlacfaidh an Chomhairle an gníomh reachtach agus dáta an ghnímh féin, ós rud é nach meastar gur glactha atá na gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach go dtí go mbeidh siad sínithe ag Uachtarán na Comhairle, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Ardrúnaithe an dá institiúid.

[3] https://www.consilium.europa.eu/ga/home/

Na doiciméid a liostaítear san achoimre seo, féadfar iad a fháil ón gclár poiblí de dhoiciméid na Comhairle ag: Doiciméid agus foilseacháin – Consilium.

Mura bhfuil fáil ar dhoiciméid, is féidir iarraidh ar rochtain orthu a chur isteach ag: https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/request-document-form/

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur mar fhaisnéis amháin a chuirtear an doiciméad seo ar fáil.

| **Nósanna imeachta i scríbhinn** | |
|---|---|
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 7 Bealtaine 2026** | **CM 2741/26** |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2014/450/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/1049 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2026 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2014/450/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin | 8758/26 +<br>ADD 1 +<br>COR 1 (de) |
| *Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 747/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin*<br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1051 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2026 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 747/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin | 8761/26 +<br>ADD 1 +<br>COR 1 (de) |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 7 Bealtaine 2026** | **CM 2775/26** |
| *Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí sa chás nach gceadaítear dóibh bordáil agus sa chás ina gcuirtear eitiltí ar ceal nó go gcuirtear moill fhada orthu, agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer*<br>Leasuithe Pharlaimint na hEorpa gan formheas ar an dara léamh | |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 29 Bealtaine 2026** | **CM 3062/26** |
| Cinneadh (AE) 2026/1213 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2026 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, ag an 20ú cruinniú a bheidh aige, a bhaineann le conclúidí i ndáil le moltaí i leith Páirtithe áirithe sa Choinbhinsiún sin a chur chun feidhme agus a bhaineann le comhaltaí an Ghrúpa saineolaithe um ghníomhaíocht in aghaidh foréigean ar mhná agus foréigean teaghlaigh a thoghadh, maidir le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus non-refoulement | 9225/1/26 |
| Cinneadh (AE) 2026/1212 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2026 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, ag an 20ú cruinniú a bheidh aige, a bhaineann le conclúidí i ndáil le moltaí i leith Páirtithe áirithe sa Choinbhinsiún sin a chur chun feidhme agus a bhaineann le comhaltaí an Ghrúpa saineolaithe um ghníomhaíocht in aghaidh foréigean ar mhná agus foréigean teaghlaigh a thoghadh, maidir le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riaracháin poiblí an Aontais | 9226/26 |